Curaclam
Thuaisceart Éireann

Draíocht le Drámaíocht

An Bhonnchéim, Eochairchéim 1 agus Eochairchéim 2

CD agus DVD

CD

Tá dlúthdhiosca iniata leis an fhillteán seo ar a bhfuil cuid de na hamhráin a úsáidtear sna drámaí. Is iad foinn na n-amhrán atá ar an dlúthdhiosca. Beidh an rang ábalta éisteacht le fonn an amhráin agus na focail nua a cheol leis.

Nuair a fheiceann tú an deilbhín seo, beidh a fhios agat go bhfuil fonn an amhráin sin ar an dlúthdhiosca.

Is iad na hamhráin seo a leanas atá ar an dlúthdhiosca:

1. **Ruby**
   Nicholas Matthew Baines / James Simon Rix / Andrew Robert White / Nicholas James David Hodgson / Charles Richard Wilson a chum; arna fhoilsiú ag Imagem Songs Limited.
2. **Oompa Loompa**
   Anthony Newley / Leslie Bricusse a chum; arna fhoilsiú ag Imagem Songs Limited.
3. **Barbie Girl**
   Lene Crawford Nystroem / Soren Rasted / Claus Norreen / Rene Dif / Karsten Dahlgaard / Johnny Mosegaard Pedersen a chum; arna fhoilsiú ag Universal / MCA Music Limited / Warner Chappell Overseas Holdings Limited.
4. **Grace Kelly**
   Jodi Marr / John Merchant / Mica Penniman / Dan Warner a chum; arna fhoilsiú ag Universal Music Publishing Limited / Sony / ATV Music Publishing (UK) Limited / Sony / ATV Harmony UK.
5. **Listen to the Rhythm of the Falling Rain**
   John C Gummoe a chum; arna fhoilsiú ag Warner / Chappell North America Limited.
6. **Three Little Birds**
   Bob Marley a chum; arna fhoilsiú ag Blue Mountain Music Limited.
7. **The Grand Old Duke Of York**
   Rann traidisiúnta do pháistí. Fearann poiblí.
8. **Twinkle, Twinkle, Little Star**
   Rann traidisiúnta do pháistí. Fearann poiblí.
9. **Bobby Shaftoe**
   Rann traidisiúnta do pháistí. Fearann poiblí.
10. **Polly Put The Kettle On**
    Rann traidisiúnta do pháistí. Fearann poiblí.
11. **Brown Girl in The Ring**
    Frank Farian a chóirigh; arna fhoilsiú ag Sony / ATV Music Publishing (UK) Limited.
12. **Rudolph The Red Nose Reindeer**
    Rann traidisiúnta do pháistí. Fearann poiblí.
13. **I Can Sing a Rainbow**
    Arthur Hamilton a chum; arna fhoilsiú ag Warner / Chappell North America Limited.

DVD

Tugtar treoir ar an DVD faoin dóigh le léiriú iomlán scoile a chur le chéile.

Ní ghlacann CCEA le freagracht ná le dliteanas as ábhar ar bith atá á sholáthar nó atá ar fáil ar aon cheann de na suíomhanna gréasáin nasctha agus ní fhormhuiníonn sé de riachtanas na tuairimí a luaitear orthu. Ní féidir linn a ráthú go n-oibreoidh na naisc seo an t-am ar fad agus níl smacht ar bith againn ar rochtain na leathanach nasctha. Bhí gach seoladh gréasáin cruinn ag céim na clódóireachta.

Íomhá CD-Rom © istockphoto/thinkstockphotos.com

Clár Ábhair

Réamhrá 1

Achoimre (Réimsí Foghlama) 2

Teidlíocht Íosta 3

Sainmhínithe ar Théarmaíocht na Drámaíochta 4–5

An Bhonnchéim 7

Drámaíocht sa Bhonnchéim 7

Straitéisí Foghlama Drámaíochta don Bhonnchéim 8–12

Ceardlann Dhaidí na Nollag 13

- Réamhullmhúchán 13
- An Dráma 14–17
- Na hAmhráin 18–19

Mar a Fuair Plúirín Sneachta a hAinm 20

- Réamhullmhúchán 20–21
- An Dráma 22–29
- Na hAmhráin 30–31

Eochairchéim 1 33

Drámaíocht Eochairchéim 1 33

Straitéisí Foghlama Drámaíochta d'Eochairchéim a hAon 34

Oíche Dhraíochta sa Chathair 35

- Réamhullmhúchán 36–37
- An Dráma 38–44
- Na hAmhráin 45–47
- Na Réimsí Foghlama 48–50
- Gníomhaíochtaí 51
- Áiseanna 52

An Gairdín Dathannach 53

- Réamhullmhúchán 54–55
- An Dráma 56–61
- Na hAmhráin 62–66
- Gníomhaíochtaí 67–70
- Áiseanna 71–82

Clár Ábhair

Eochairchéim 2 — 83

Drámaíocht Eochairchéim 2 — **83**

Straitéisí Foghlama Drámaíochta d'Eochairchéim a Dó — **84**

Carúl na Nollag — **85**

- Réamhullmhúchán — 85–86
- An Dráma — 87–93
- Na hAmhráin — 94
- Gníomhaíochtaí agus Na Réimsí Foghlama — 95

Paistí na Muilte — **96**

- Réamhullmhúchán — 96–97
- An Dráma — 98–103
- Na hAmhráin — 104
- Gníomhaíochtaí — 105–106

Treoir le Léiriú Iomlán Scoile a Chur le Chéile — 107–108

Réamhrá

Tá **Draíocht le Drámaíocht** dírithe ar an dóigh le drámaíocht a chur chun cinn sna seomraí ranga in earnáil na Gaelscolaíochta. Tugtar léargas don mhúinteoir ar an téarmaíocht chuí drámaíochta agus ar an dóigh ar féidir an téarmaíocht sin a nascadh leis an phleanáil. Tugtar go leor smaointe le teagasc éifeachtach drámaíochta a chur ar bun sa seomra ranga. Tá straitéisí drámaíochta curtha le chéile do gach eochairchéim sa dóigh is gur féidir leis na páistí tairbhe a bhaint as cluichí sultmhara – ag cur lena stór focal, lena bhféinmhuinín agus le saibhreas a dteanga.

Tá **sé** dhráma ar fad san fhillteán seo – tá **dhá** dhráma dírithe ar gach eochairchéim, ach is féidir le múinteoirí iad a lúbadh nó a athrú mar is mian leo. Tugtar **treoir** faoi chúlra na ndrámaí, na carachtair, na hamhráin agus faoin dóigh ar féidir na drámaí a léiriú.

Lena chois sin, tá **gníomhaíochtaí** ann a léiríonn an nasc idir gnéithe de na drámaí agus na Réimsí Foghlama. Tá go leor amhrán fite fuaite tríd na drámaí le suim na bpáistí a chothú agus le teanga na bpáistí a fheabhsú. Tugtar **áiseanna breise** do na múinteoirí leis an obair a dhaingniú.

Is féidir dráma ón fhillteán a roghnú don rang agus na gníomhaíochtaí ábhartha uilig a dhéanamh thar thréimhse sé seachtaine nó iad a nascadh leis an phleanáil de réir mar a fhóireann don mhúinteoir. Baineann na páistí an-sult go deo as a bheith ag obair ar na drámaí – bíonn go leor gníomhaíochtaí ann chun iad a choinneáil gnóthach – seit a thógáil, amhráin a fhoghlaim, fearais a dhéanamh, an scéal a fhoghlaim, dráma a léiriú agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an dráma féin.

Tugann an drámaíocht deis do gach uile pháiste a bheith rannpháirteach agus rathúil san fhoghlaim. Tógtar muinín na bpáistí agus cruthaítear draíocht sa seomra ranga. Bíonn atmaisfeár ar leith sa seomra ranga nuair a bhíonn na páistí i mbun ullmhúchán drámaíochta.

Is minic nach mbíonn muinín ag an mhúinteoir féin agus iad i mbun teagasc na drámaíochta, ach is fiú tabhairt faoi. Bíonn féilte drámaíochta ann le linn na scoilbhliana, agus ba chóir freastal ar cheann nó dhó le dearcadh agus tuiscint níos fearr a fháil ar léiriú drámaíochta. Ba chóir cuimhneamh go mbaineann an drámaíocht ní hamháin le seó a léiriú nó a chur ar an ardán, ach le saibhreas agus sealbhú teanga, scileanna comhoibrithe, forbairt phearsanta, foghlaim don saol agus buanna ealaíne agus ceoil a fhorbairt sa pháiste. Is fíor go mbíonn ualach oibre ag baint le dráma a eagrú, ach is maith is fiú an saothar.

Tháinig triúr múinteoirí (Fionnuala Ní Mhealláin, Áine-Mháire Uí Néill agus Seán Fennell) ó Ghaelscoileanna éagsúla le chéile a bhfuil taithí fhada acu sa scoildrámaíocht. D'aithin siad triúr nach raibh go leor áiseanna drámaíochta ann trí mheán na Gaeilge do bhunscoileanna. Mar sin de shocraigh na múinteoirí seo drámaí a chur ar fáil do gach eochairchéim agus treoracha a thabhairt faoin dóigh lena léiriú.

Chuir siad gníomhaíochtaí teagaisc, cluichí agus amhráin ar fáil leis an eispéireas drámaíochta a threisiú. Bhain siad féin triail as na drámaí agus na gníomhaíochtaí atá san fhillteán seo lena gcuid ranganna féin agus d'éirigh go geal leo. Léirigh siad triúr na drámaí le linn Fhéile Scoildrámaíochta Bhéal Feirste agus thug siad na drámaí céanna fud fad na tíre le Féile Uladh agus leis an Fhéile Náisiúnta.

Achoimre (Réimsí Foghlama)

Dráma	Smaointe le Foghlaim a Nascadh	Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta	Réimsí Foghlama
Ceardlann Dhaidí na Nollag **Bonnchéim**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Comhoibriú • An Aimsir • Litir a chur sa Phost • Stór Focal na Nollag	**An Duine Óg a Fhorbairt mar Dhuine Aonair** Tuiscint Phearsanta Comhthuiscint Feasacht Spioradálta	Bheith Cruthaitheach Ag Obair le Daoine Eile	• **Forbairt Phearsanta** • **An Domhan Thart Orainn** • **Teanga & Litearthacht** • **Na hEalaíona**
Mar a fuair Plúirín Sneachta a hAinm **Bonnchéim**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Roinnt • Dathanna • Cuntas • Uirlisí Ceoil	**An Duine Óg a Fhorbairt mar Dhuine Aonair** Tuiscint Phearsanta Comhthuiscint Feasacht Spioradálta	Bheith Cruthaitheach	• **Forbairt Phearsanta** • **An Domhan Thart Orainn** • **Teanga & Litearthacht** • **Matamaitic & Uimhearthacht** • **Na hEalaíona**
Oíche Dhraíochta sa Chathair **EC1**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Grá • Féiniúlacht • Miotaseolaíocht na hÉireann • Dóchas	**An Duine Óg a Fhorbairt mar Rannpháirtí sa tSochaí** Tuiscint Chultúrtha Saoránacht	Bheith Cruthaitheach Smaointeoireacht, Fadhbréiteach & Cinnteoireacht	• **Teanga & Litearthacht** • **Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint** • **Matamaitic & Uimhearthacht** • **Corpoideachas** • **An Domhan Thart Orainn** • **Na hEalaíona**
An Gairdín Dathannach **EC1**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Ceiliúradh • Iarmhairt Ghníomhartha • Cairdeas • Na Séasúir	**An Duine Óg a Fhorbairt mar Dhuine Aonair** Tuiscint Phearsanta Comhthuiscint Feasacht Spioradálta	Bheith Cruthaitheach Ag Obair le Daoine Eile	• **Forbairt Phearsanta** • **An Domhan Thart Orainn** • **Teanga & Litearthacht** • **Na hEalaíona**
Carúl na Nollag **EC2**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Cairdeas • Comhoibriú • An Nollaig • Na Victeoiriaigh	**An Duine Óg a Forbairt mar Dhuine Aonair** Comhthuiscint Meon Morálta Sláinte Phearsanta Tuiscint Phearsanta	Bheith Cruthaitheach Ag Obair le Daoine Eile Smaointeoireacht, Fadhbréiteach & Cinnteoireacht	• **Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint** • **An Domhan Thart Orainn** • **Teanga & Litearthacht** • **Na hEalaíona**
Páistí na Muilte **EC2**	Beidh deis ag na páistí foghlaim faoi na nithe seo a leanas: • Meas & Luach • An Saol mar a bhí • Cearta na bPáistí • An Réabhlóid Tionsclaíochta • Seanchluichí Sráide	**An Duine Óg a Fhorbairt mar Rannpháirtí sa tSochaí** Saoránacht Tuiscint Chultúrtha Eolas Eiticiúil	Bheith Cruthaitheach Ag Obair le Daoine Eile	• **Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint** • **An Domhan Thart Orainn** • **Teanga & Litearthacht** • **Na hEalaíona**

Drámaíocht sa Bhonnchéim

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- a smaointe, barúlacha agus mothúcháin a chur in iúl;
- a gcruthaitheacht a fhorbairt trí shúgradh samhlaíoch;
- a bheith gafa le súgradh drámatúil leis an fhoghlaim a shíneadh;
- a bheith páirteach i réimse cluichí agus straitéisí drámaíochta.

Dul Chun Cinn

De réir mar a théann daltaí tríd an bhonnchéim ba chóir go mbeadh siad ábalta:

- comhoibriú sa rólghlacadh, páirteanna a léiriú, aontú ar rialacha agus cnámha scéil a léiriú;
- smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhlaíocht a chur in iúl le muinín i réimse comhthéacsanna drámatúla agus idir theanga bhriathartha agus neamhbhriathartha in úsáid acu;
- páirt a ghlacadh agus a choinneáil.

Drámaíocht ag Eochairchéim 1

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- an tuiscint atá acu ar an domhan a fhorbairt trí bheith páirteach i rólghlacadh samhlaíoch, trí shuíomhanna a chumadh dóibh féin agus do dhaoine eile;
- freagairt d'aisteoireacht dhaltaí eile agus d'aisteoireacht an mhúinteora;
- tabhairt faoi réimse de chúrsaí cultúrtha agus de chúrsaí daonna i dtimpeallacht shábháilte, trí bheith páirteach i ngníomhaíocht dhrámatúil agus a bheith ag roinnt smaointe le daoine eile;
- réimse de straitéisí drámatúla a fhorbairt, mar shampla **pictiúr reoite, tabló, suíochán te** agus **rianú smaointe**;
- scileanna drámatúla a fhorbairt atá oiriúnach do lucht féachana, comhthéacs, feidhm agus tascanna;
- frapaí simplí, siombailí agus íomhánna a úsáid le radharc a fhorbairt.

Drámaíocht ag Eochairchéim 2

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- an tuiscint atá acu ar an domhan a fhorbairt trí bheith páirteach i rólghlacadh atá samhlaíoch agus cruthaitheach;
- tabhairt faoi réimse de chúrsaí cultúrtha agus de chúrsaí daonna i dtimpeallacht shábháilte trí dhrámaíocht – ag fáil amach faoina mothúcháin féin agus faoi mhothúcháin daoine eile;
- réimse de straitéisí drámatúla a fhorbairt, mar shampla **pictiúr reoite, tabló, suíochán te, rianú smaointe** agus **rianú coinsiasa**;
- scileanna drámatúla a fhorbairt atá oiriúnach do lucht féachana, comhthéacs, feidhm agus tascanna – ag tabhairt faoi ghuth, faoi ghluaiseacht agus faoi ghotha gnúise – trí fhiosrú bunúsach a dhéanamh ar ról ar leith agus an ról sin a shoiléiriú don lucht féachana.

Pointí Tábhachtacha

- Bíonn ceadúnas léiriúcháin de dhíth do chóir a bheith gach dráma agus gach ceoldráma (seachas Gilbert & Sullivan). Cuir isteach air go han-luath. Bíonn pionóis thromchúiseacha ann do shárú cóipchirt.
- Is gá cead scríofa a fháil ó thuismitheoirí/ chaomhnóirí do dhlúthdhioscaí agus do ghrianghraif de dhaltaí.

Sainmhínithe ar Théarmaíocht na Drámaíochta

Déantar cur síos ar chuid de na scileanna is féidir a úsáid sa churaclam drámaíochta thíos. Tabharfaidh siad léargas don mhúinteoir ar dhóigheanna éagsúla ar féidir an drámaíocht a theagasc sa seomra ranga.

Seiftiú

Léiriú nó athléiriú ar rudaí a bhaineann leis an fhíorshaol nó leis an saol samhailteach. De ghnáth, ní bhíonn script in úsáid. Ach oibríonn sé níos fearr nuair a thugtar creatlach do na páistí, m.sh. tús scéil. Ba chóir treoirlínte simplí a thabhairt, m.sh. 'níl cead ag carachtair a bheith ag troid!'. Le linn seiftithe, is féidir le páistí a bheith nádúrtha agus spontáineach. Bain úsáid as seiftiú le linn ceachtanna litearthachta le scéalta a fhorbairt agus, sa Domhan Thart Orainn, le fiosrúchán agus ransú smaointe a dhéanamh ar chnámha scéil stairiúla.

Rólghlacadh

Is é atá i gceist leis seo ná go mbíonn páistí ag aisteoireacht. Glacann páiste ról duine áirithe a bhaineann le suíomh ar leith. Ba chóir am a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar an charachtar sula dtosaíonn siad ar an rólghlacadh. Is féidir le páistí a bheith ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí le plé a dhéanamh ar na carachtair acu. Le linn ceachtanna litearthachta nó forbartha pearsanta, is féidir rólghlacadh a úsáid le tabhairt faoi bharúlacha agus faoi thuairimí éagsúla.

Mím

Baintear úsáid as mím le gníomhaíochtaí a chur in iúl gan focail a úsáid. Bíonn mím iontach éifeachtach le cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin – ag díriú isteach ar dhreach (an chuma atá ar aghaidh duine). Baintear úsáid as mím le dul i dtaithí ar mheafair agus ar nithe samhailteacha.

Éadaí/Feisteas

Ní gá éadaí difriúla a úsáid le linn drámaíochta, ach cuidíonn siad leis na páistí a gcarachtar a shamhlú. Ní gá rud ar bith róchasta a úsáid – hata nó scaif shimplí. D'fhéadfá suaitheantais ainm a chur ar na páistí le cur in iúl dóibh faoi na carachtair éagsúla.

Frapaí

Tugann frapaí léargas do na páistí agus don lucht féachana ar ról an charachtair. Tugann siad níos mó muiníne do pháistí in amanna mar gheall go mbíonn siad in ann a lámha a úsáid. Is fiú don mhúinteoir frapaí a bhailiú agus a choinneáil le chéile in áit lárnach le húsáid le linn ceachtanna drámaíochta.

Puipéid

Má bhíonn puipéid in úsáid le linn ceachtanna drámaíochta, is féidir leo muinín agus guth a thabhairt do pháistí ar an ábhar gurb é an puipéad a bhíonn ag caint. I gcás páistí nach maith leo labhairt amach, tugann na puipéid deis dóibh seilbh a ghlacadh ar charachtar agus iad féin a chur in iúl ar bhealach níos fearr.

Is fíor go mbíonn puipéid an-úsáideach le páistí níos óige. Ach, is féidir iad a úsáid le páistí níos sine, chomh maith, le drámaí a scríobh nó a chleachtadh lena dtaispeáint do pháistí níos óige.

Léiriú

Ní gá léiriú a dhéanamh de gach dráma a dhéantar sa rang. Ach tugann léiriú muinín agus sprioc do pháistí mar gheall go mbíonn dráma á léiriú acu os comhair lucht féachana. Is féidir go mbeidh cuid mhór ama i gceist le dráma a ullmhú lena léiriú. Ach, thiocfadh leis an mhúinteoir socrú ar léiriú mór amháin a dhéanamh uair sa bhliain. D'fhéadfaí léirithe níos lú a dhéanamh ag an tionól nó do ranganna eile.

An Suíochán Te

Glacann páiste amháin ról carachtair ó scéal (nó duine stairiúil, nó duine ó scannán, srl.), agus suíonn sé/sí sa suíochán te le ceisteanna a fhreagairt ó pháistí eile sa rang. Ba chóir don mhúinteoir tús a chur leis an seisiún. Ba chóir am a thabhairt don duine a bheidh sa suíochán te le hullmhúchán a dhéanamh roimh ré. In amanna, bíonn na ceachtanna seo níos éifeachtaí má bhíonn éadaí á gcaitheamh ag an duine sa suíochán te lena gcarachtar a chur in iúl.

Pictiúr Reoite

Baintear úsáid as pictiúr reoite nuair a chuirtear stad tobann le gníomh sa dráma. Is féidir leis an mhúinteoir ceisteanna a chur ar na páistí faoi phíosa ar leith nó faoi bhomaite ar leith sa dráma. Ceisteanna úsáideacha le cur ar na páistí: 'Cad é faoi a bhfuil na carachtair ag smaoineamh? 'Cad é atá na carachtair a dhéanamh agus cén fáth?' srl. Is deis iontach é seo le scríbhneoireacht chruthaitheach a fhorbairt nó léargas níos doimhne a fháil ar scéal nó ar charachtar.

Tabló

Cruthaíonn na páistí, agus cuireann siad i láthair, íomhá neamhbheo a chuireann síos ar rud éigin atá ag tarlú sa scéal, m.sh. caidreamh, eachtra. Is féidir le tabló léargas nó míniú a thabhairt ar rud éigin sa scéal chomh maith.

Rianú Smaointe (EC1 & EC2)

Is féidir rianú smaointe a úsáid mar chuid de phictiúr reoite le díriú isteach ar mhothúcháin agus ar smaointe na gcarachtar. Cuirtear ceisteanna ar na carachtair faoin dóigh a mothaíonn siad nó faoi cad é atá ar a n-intinn ag pointí áirithe sa dráma. Is féidir le páistí eile nach bhfuil sa dráma na ceisteanna céanna a chur ar na carachtair.

Rianú Coinsiasa (EC2)

Seasann na páistí in dhá líne os comhair a chéile mar a bheadh pasáiste ann. Siúlann carachtar amháin síos an pasáiste, idir an dá líne, agus labhraíonn gach páiste le coinsias an charachtair – cuirtear smaointe agus mothúcháin an charachtair in iúl. Is féidir an dá líne a scaradh le rudaí ar leith a chur in iúl, m.sh. smaointe dearfacha agus diúltacha. Ní gá go labhródh gach páiste ach ba chóir seans a thabhairt dóibh uilig.

Sainmhínithe ar Théarmaíocht na Drámaíochta